AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 14.11.2025
COM(2025) 686 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

maidir leis an meastóireacht ar Chreat an Aontais le haghaidh comhar riaracháin CBL

{SWD(2025) 350 final}

1. RÉAMHRÁ

Is éard is Cáin Bhreisluacha (CBL) ann cáin tomhaltais chomhchuibhithe san Aontas Eorpach, a thoibhítear ar dhíol fhormhór na n-earraí agus na seirbhísí, lena n-áirítear idirbhearta trasteorann idir na Ballstáit, agus ar allmhairí chomh maith. Is foinse mhór ioncaim í do na Ballstáit agus rannchuidíonn sí go díreach le buiséad an Aontais. Chun leasanna airgeadais an Aontais chomh maith le feidhmiú rianúil an mhargaidh inmheánaigh a chosaint, tá gá le creat cuimsitheach an Aontais don chomhar idir na Ballstáit chun a áirithiú go gcuirfear CBL ar earraí agus ar sheirbhísí i bhfeidhm i gceart agus go dtabharfar aghaidh ar chalaois le modhanna leordhóthanacha. Chun an dúshlán a bhaineann le CBL a rialú ar idirbhearta laistigh den Aontas a chur i bpeirspictíocht, bhí luach EUR 4.135 trilliún ar na hidirbhearta idir na Ballstáit in 2023[1] le 6.5 milliún trádálaí ghníomhacha[2]. Is ionann na caillteanais CBL mar gheall ar an scéim calaoise CBL is coitianta ar a dtugtar calaois laistigh den Chomhphobal arna déanamh ag trádálaí atá ar iarraidh agus EUR 12.5 billiún go EUR 32.8 billiún in aghaidh na bliana[3].

Le blianta beaga anuas, tá roinnt cinntí cinniúnacha déanta ag an Aontas chun an comhar sin a neartú gan ró-ualach a chur ar dhaoine inchánach le hoibleagáidí tuairiscithe. Ba é an cinneadh is déanaí den sórt sin glacadh an Phacáiste CBL sa ré dhigiteach[4] an 11 Márta 2025. Leis na hoibleagáidí tuairiscithe dhigitigh nua a thiocfaidh i bhfeidhm in 2030, is fearr a bheidh na Ballstáit in ann aghaidh a thabhairt ar chalaois CBL trasteorann agus a n-ioncam a chosaint. In 2020, chinn an tAontas dul i ngleic le calaois CBL r-thráchtála trí úsáid a bhaint as sonraí íocaíochta trasteorann a fuarthas ó sholáthraithe seirbhísí íocaíochta[5]. Ó bhí mí Eanáir 2024 ann, tá na sonraí ar fáil do shaineolaithe frithchalaoise agus tá coinne leis an gcéad tuarascáil ar na torthaí sna míonna amach romhainn. In 2018, treisíodh go mór bearta frithchalaoise i gcreat an Aontais le haghaidh comhar riaracháin CBL trí chead a thabhairt do Eurofisc (líonra saineolaithe frithchalaoise) sonraí CBL a phróiseáil go comhpháirteach chun calaois CBL a shainaithint. Leis sin, bhíothas in ann dul chun cinn nach beag a dhéanamh sa chomhrac in aghaidh calaois CBL ar leibhéal an Aontais.

Is é is cuspóir don tuarascáil seo maidir leis an meastóireacht ar chreat an Aontais le haghaidh comhar riaracháin CBL[6] Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a chur ar an eolas faoi thorthaí na meastóireachta a rinne an Coimisiún idir 2023 agus 2024 chomh maith leis an mbealach chun cinn atá beartaithe. Feidhmíonn sé freisin mar thuarascáil a

---

1 https://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/index.php?title=Intra-EU_trade_in_goods_-_main_features

2 Bunaithe ar staidreamh bliantúil arna sholáthar ag na Ballstáit.

3 Staidéar ar an mbearna chomhlíontachta CBL mar gheall ar chalaois laistigh den Chomhphobal arna déanamh ag trádálaí atá ar iarraidh a bhí ann in 2024. https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/dd40080c-bd27-11ef-91ed-01aa75ed71a1/language-en

4 https://taxation-customs.ec.europa.eu/taxation/vat/vat-digital-age-vida_ga

5 Treoir (AE) 2020/284 ón gComhairle a mhéid a bhaineann le ceanglais áirithe a thabhairt isteach le haghaidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta agus Rialachán (AE) 2020/283 ón gComhairle a mhéid a bhaineann le bearta chun comhar riaracháin a neartú chun calaois CBL a chomhrac.

6 Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 ón gComhairle maidir le comhar riaracháin agus an comhrac in aghaidh na calaoise i réimse CBL; IO L 268, 12.10.2010, lgh. 1–18.

chuireann an Coimisiún faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle gach 5 bliana maidir le comhar riaracháin CBL a chur i bhfeidhm[7].

2. TORTHAÍ NA MEASTÓIREACHTA

Déantar anailís sa mheastóireacht ar fheidhmiú chreat an Aontais le haghaidh comhar riaracháin CBL trí úsáid a bhaint as na critéir mheastóireachta chaighdeánacha (éifeachtacht, éifeachtúlacht, ábharthacht, comhleanúnachas agus breisluach AE) chun measúnú a dhéanamh ar na modhanna comhair uile dá bhforáiltear le bun-Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 ón gComhairle maidir le comhar riaracháin agus an comhrac in aghaidh na calaoise i réimse CBL. Socraítear iad sna catagóirí seo a leanas:

- Le **malartú faisnéise**, is féidir le húdaráis chánach faisnéis bhreise a iarraidh faoi dhaoine inchánach chun cuidiú leis na nósanna imeachta rialaithe náisiúnta;
- Cuireann **iniúchtaí trasteorann** ar a gcumas d'údaráis chánach foireann iniúchóireachta ilnáisiúnta a chruthú chun anailís chomhpháirteach a dhéanamh ar staid CBL cuideachtaí;
- **Sonraí comhroinnte**: tá na sonraí uile maidir le hidirbhearta trasteorann idir na Ballstáit sa Chóras Malartaithe Faisnéise CBL (VIES);
- **Eurofisc**: líonra saineolaithe frithchalaoise ó údaráis chánach ar féidir leo faisnéis a phróiseáil go comhpháirteach chun calaois a shainaithint agus gníomhú mar shásra luathrabhaidh;
- **Trí fhaisnéis a sholáthar do dhaoine inchánach**, is féidir le daoine inchánach bailíocht uimhir CBL custaiméara i mBallstát eile a fhíorú sula soláthraíonn siad earraí agus seirbhísí.

Cé go dtugtar sonraí sa doiciméad inmheánach oibre a ghabhann leis an tuarascáil maidir leis na cineálacha éagsúla comhair, tugtar forléargas achomair sa tuarascáil seo ar na torthaí is tábhachtaí ón meastóireacht.

2.1. Éifeachtacht

Rinneadh measúnú ar éifeachtacht na modhanna éagsúla comhair i réimse CBL maidir leis na cuspóirí sonracha seo a leanas de chuid chreat an Aontais:

- **feabhas a chur ar an úsáid a bhaintear as na hionstraimí comhair riaracháin** atá ann cheana i réimse an chomhraic in aghaidh na calaoise a bhaineann le CBL agus **feabhas a chur ar an malartú faisnéise** idir na Ballstáit;
- **rannchuidiú le calaois CBL a chomhrac** trí líonraí calaoiseacha a bhaineann le CBL a shainaithint agus a dhíchóimeáil go tapa agus ar bhealach níos éifeachtaí;
- **feabhas a chur ar an gcur chuige ildisciplíneach** maidir le calaois a bhaineann le CBL a chomhrac agus a chosc trí chumas freagartha níos tapúla agus níos comhordaithe agus trí rochtain níos fearr ar fhaisnéis CBL ag údaráis éagsúla (údaráis riaracháin, údaráis chustaim, údaráis forfheidhmithe dlí agus údaráis ionchúisimh).

Maidir leis an gcéad chuspóir, leanann **creat an Aontais d'fheabhas a chur ar an gcomhar riaracháin i réimse CBL** tríd an mbunús dlí a sholáthar a aistrítear ina roinnt uirlisí comhair a chuireann ar a gcumas do na Ballstát oibriú go héifeachtach le chéile. Ba

[7] Airteagal 59 de Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 ón gComhairle.

cheart breathnú ar na huirlisí sin mar bhosca uirlisí is féidir le húdaráis chánach a úsáid de réir a riachtanas. Tuigeann na Ballstáit gur sócmhainn é de chuid chreat an Aontais le haghaidh comhar riaracháin CBL.

I measc na n-uirlisí comhair éagsúla, d'fhéadfadh an malartú faisnéise a bheith ar an uirlis is feiceálaí ach ní úsáidtear é chomh minic céanna i gcomparáid leis an am atá thart. Tá laghdú beagnach 25 % tagtha ar an líon malartuithe faisnéise arna iarraidh sin, mar shampla, le 6 bliana anuas agus chobhsaigh sé ag 30 000 malartú in 2023. Tá an cineál sin comhair seanbhunaithe i gcreat an Aontais maidir le comhar riaracháin CBL. In 28 % de na cásanna, áfach, faightear an fhaisnéis iomlán tar éis an sprioc-ama 30 lá. Fágann sé sin nach bhfuil an fhaisnéis a fhaightear chomh luachmhar céanna agus cuireann sé bac ar chumas na mBallstát gníomhaíochtaí éifeachtacha a thionscnamh in aghaidh na calaoise. Mar thoradh air sin, tá athrú leanúnach tagtha i dtreo modhanna comhair níos éifeachtúla, amhail Eurofisc. Tá barúil den chineál céanna déanta le haghaidh iniúchtaí trasteorann. Sheoladh na Ballstáit tuilleadh iniúchtaí den sórt sin, agus measadh san am sin gur modh éifeachtach a bhí iontu chun aghaidh a thabhairt ar chalaois rothlach. Le forbairt Eurofisc, áfach, is féidir an fhaisnéis chéanna a bhailiú níos tapúla agus gan gá le hiniúchtaí comhordaithe trasteorann.

Measann na Ballstáit gurb é Eurofisc an modh comhair is éifeachtaí agus tá siad an-bhuíoch as an tsolúbthacht a chuireann an líonra ar fáil. Oibríonn saineolaithe arna gceapadh ag a n-údaráis chun oibriú i gcomhar sa líonra go dlúth le chéile ar bhonn laethúil agus is féidir leo freagra a thabhairt ar iarrataí gan gá le malartú fada faisnéise. Tá uirlisí leictreonacha saincheaptha ag Eurofisc freisin lena n-uathoibrítear bailiú sonraí agus lena ndéantar réamh-mheasúnú riosca, ar cúraimí iad a rinneadh de láimh roimh 2019. Fágann sé sin gur féidir saineolas a ghiaráil ar bhealach níos fearr agus díriú ar anailísí deiridh. Is mór ag na Ballstáit go bhfaigheann siad comharthaí calaoise a bhfuil anailís chúlra mar bhunús leo agus meastachán ar chaillteanais CBL a d'fhéadfadh a bheith ann. Is féidir an ghníomhaíocht frithchalaoise is gá a dhéanamh níos tapúla gan gá dul i gcomhairle le tíortha eile arís.

Ar deireadh, freastalaíonn creat an Aontais ar dhaoine inchánach freisin trí chúnamh a thabhairt do thrádálaithe laistigh den Aontas a n-oibleagáidí a chomhlíonadh maidir le bailíocht uimhir CBL a gcustaiméara i mBallstát eile a sheiceáil. Téitear i gcomhairle le VIES chun na críche sin suas le 17 milliún uair in aghaidh an lae agus tháinig feabhas ar an úsáid a baineadh as le linn na tréimhse a chumhdaítear leis an meastóireacht. Tá trádálaithe an-bhuíoch as an gcaoi a ndéantar an fhaisnéis a chuireann an custaiméir ar fáil a dheimhniú láithreach. Leis an gcóras, ceadaítear do thrádálaithe freisin an cruthúnas go ndearna siad an bailíochtú a shábháil, ar cruthúnas é is féidir leo a chur faoi bhráid na n-údarás cánach ansin i gcás iniúchta.

Maidir leis an dara cuspóir maidir le **rannchuidiú leis an gcomhrac in aghaidh calaois CBL**, dírítear sa mheastóireacht ar Eurofisc mar an uirlis lárnach a úsáideann na Ballstáit chun calaois CBL trasteorann a bhrath. Mar gheall ar a fheidhmiú agus a thorthaí, tá a phríomhúsáideoirí, údaráis na mBallstát, an-bhuíoch as Eurofisc. Comhlíonann sé a gcuid riachtanas i dtéarmaí anailís in aghaidh calaois CBL le haghaidh idirbhearta trasteorann. Sainaithníodh amhras ar chalaois ar fiú EUR 14.8 billiún í leis an líonra in 2024. EUR 3 bhilliún de chaillteanais CBL a d'fhéadfadh a bheith ann a bheadh i gceist ansin. I gcomparáid leis an staidéar ar bhearnaí calaoise laistigh den Chomhphobal arna déanamh ag trádálaí atá ar iarraidh in 2024, níl sa mhéid sin ach 24 % den leibhéal níos ísle a

mheastar de chalaois laistigh den Chomhphobal arna déanamh ag trádálaí atá ar iarraidh. Tugann sé sin le fios gur cheart do Eurofisc tuilleadh calaois CBL trasteorann a aimsiú. Sainaithníodh sa mheastóireacht modhanna féideartha chun feabhas a chur ar éifeachtacht Eurofisc a dtabharfar tuairisc bhreise orthu sa tuarascáil seo.

Cumhdaíonn Eurofisc go maith riachtanais na mBallstát chun calaois CBL a chomhrac trí mhodhanna riaracháin. Thairis sin, feabhsaíonn a thorthaí 20 % gach bliain ar an meán agus tá méadú nach beag tagtha ar chumas Eurofisc calaois CBL trasteorann a bhrath mar gheall ar rochtain ar fhoinsí nua faisnéise amhail sonraí custaim agus faisnéis maidir le clárúcháin gluaisteán. Léirítear sa mheastóireacht freisin go bhféadfadh faisnéis bhreise, lena n-áirítear cláir úinéireachta tairbhithe agus sonraí bainc, a chur ar a chumas don líonra líonraí calaoiseacha nua a shainaithint trí naisc a aimsiú nach bhfuil le feiceáil i sonraí CBL amháin.

Tábla 1: Méideanna na n-idirbheart calaoiseach CBL arna mbrath ag Eurofisc trí Anailís ar Líonraí Idirbheart a úsáid [8]

	2020	**2021**	**2022**	**2023**	**2024**
An líon idirbheart calaoiseach nó amhrasach a nochtadh (i milliúin EUR) a bhaineann le Trádálaithe atá ar Iarraidh laistigh den Chomhphobal	3 300	8 100	10 874	12 735	12 100
An líon idirbheart calaoiseach nó amhrasach a nochtadh (i milliúin EUR) a bhaineann le feithiclí	N/B	N/B	N/B	1 899	2 700
An líon calaoiseoirí a sainaithníodh	2 093	2 161	2 907	5 171	6 147
An líon díchláruithe CBL	495	775	1 942	2 995	2 665

Maidir leis an gcuspóir deireanach feabhas a chur ar an **gcur chuige ildisciplíneach chun dul i ngleic le calaois CBL**, is é conclúid na meastóireachta gur theip ar chreat an Aontais ina leith sin. Ní úsáidtear ná ní úsáidtear ach go treallach na féidearthachtaí a chuirtear ar fáil le creat an Aontais maidir le malartuithe leis an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol), toisc nach féidir malartuithe den sórt sin a dhéanamh ar thionscnamh OLAF ná Europol, ach nach féidir ach le Eurofisc iad a spreagadh. I gcás OLAF, níor bhain Eurofisc leas as an bhféidearthacht sin riamh, agus i gcás Europol, is annamh a bhain sé leas as. Dá bhrí sin, is fearr leis na Ballstáit fós na bealaí náisiúnta a úsáid chun teagmháil a dhéanamh le OLAF nó Europol seachas na féidearthachtaí a chuirtear ar fáil le creat an Aontais. Thairis sin, tá rochtain dhíreach ar fhaisnéis CBL a mhalartaítear faoi chreat an Aontais forchoimeádta d'údaráis chánach agus, i roinnt cásanna teoranta, do lucht custaim. Mar sin féin, tá an fhaisnéis sin ríthábhachtach d'údaráis eile a dhéanann imscrúdú ar chalaois CBL trasteorann, lena n-áirítear údaráis náisiúnta forfheidhmithe dlí agus comhlachtaí an Aontais.

Tá imscrúduithe riaracháin ar chásanna calaoise custaim tugtha i gcrích ag OLAF le moltaí chun dleachtanna de thart ar EUR 1.12 billiún a seachnaíodh a aisghabháil don tréimhse 2022-2024. Tá tacaíocht luachmhar tugtha ag Europol do na himscrúduithe arna ndéanamh

[8] Na staitisticí arna dtuairisciú ag líonra Eurofisc agus arna bhfoilsiú ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin (https://taxation-customs.ec.europa.eu/taxation/vat/vat-and-administrative-cooperation/eurofisc_en). Sainaithnítear calaois laistigh den Chomhphobal arna déanamh ag trádálaí atá ar iarraidh in anailís ar líonraí idirbheart ó bhí 2020 ann agus calaois feithiclí ó 2023

ag Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE), agus ní fhaigheann sé sonraí ábhartha ach go díreach ó údaráis náisiúnta forfheidhmithe dlí ar bhonn deonach. Tá dlúthbhaint idir na cásanna sin agus imghabháil CBL tráth an allmhairithe agus chuir OLAF na húdaráis náisiúnta ábhartha ar an eolas faoina thorthaí a bhaineann le CBL a seachnaíodh, chun gur féidir gníomhaíochtaí a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta. Mar a fuair Cúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) amach ina Tuarascáil Speisialta Uimh. 8/2025, cé go raibh comhar na mBallstát le OLAF i gcúrsaí custaim agus cánach i gcás chalaois CP42 teoranta do chalaois tearcluachála go dtí le déanaí, in 2024, thosaigh OLAF ag díriú ar na Ballstáit agus ag comhoibriú leo ar imghabháil dleachtanna allmhairiúcháin agus CBL ar earraí a tugadh isteach san Aontas go neamhdhleathach agus a seoladh chuig tomhaltóirí deiridh trí r-thráchtáil. Ina theannta sin, tá OLAF gníomhach freisin maidir le moil chlárúcháin CBL a shainaithint le haghaidh cuideachtaí caocha a úsáidtear mar allmhaireoirí calaoiseacha i scéimeanna calaoise CBL a bhaineann le custam. Ar deireadh, ó bhí 2024 ann, tá imscrúduithe seolta ag OLAF i ndáil le himghabháil dleachtanna allmhairiúcháin agus calaois CBL a bhaineann le hallmhairí ó ardáin i bhfad i gcéin faoin Ionad Ilfhreastail Allmhairiúcháin. Áirítear leis sin cros-seiceáil fhairsing a dhéanamh ar shonraí allmhairiúcháin agus CBL trí úsáid a bhaint as arduirlisí anailíseacha chun imghabháil CBL a bhrath.

Tá Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh inniúil chun calaois CBL trasteorann lena mbaineann damáiste iomlán EUR 10 milliún ar a laghad a imscrúdú agus a ionchúiseamh. In 2024, chuir OIPE tús le himscrúduithe ar chalaois CBL trasteorann le haghaidh damáistí measta EUR 13.15 billiún. Faoi láthair, níl aon mhalartú faisnéise idir Eurofisc agus OIPE ar leibhéal an Aontais. Ní mór do OIPE brath ar bhealaí náisiúnta chun an fhaisnéis is gá a fháil, rud a chuireann moill ar tharchur na faisnéise sin agus a dhéanann an próiseas chun tacar iomlán fianaise a bhailiú níos casta. **Le rochtain dhíreach ar leibhéal an Aontais ar shonraí ábhartha CBL maidir le hidirbhearta trasteorann do OIPE, dhéanfaí bailiú fianaise a bhaineann le calaois CBL a chuíchóiriú agus sholáthrófaí pointe iontrála aonair d'aon sonraí breise maidir le calaois CBL atá ábhartha d'imscrúduithe agus d'ionchúisimh OIPE.** Tá sé curtha in iúl ag na Ballstáit go bhfuil drogall orthu sonraí CBL a chomhroinnt trí Eurofisc gan bunús dlí sainráite i Rialachán (AE) Uimh. 904/2010.

Mar sin féin, níl rochtain ag na húdaráis sin de chuid an Aontais ar fhaisnéis ríthábhachtach CBL a mhalartaítear faoi chreat an Aontais agus ní mór í a fháil trí mhalartuithe déthaobhacha. Bíonn moilleanna agus ilroinnt sonraí mar thoradh air sin. Baineann sé an bonn d'éifeachtacht an chomhraic in aghaidh calaois CBL ar leibhéal an Aontais. An tráth céanna, i mí an Mhárta 2023[9], chuir an Chomhairle i bhfios go láidir go bhfuil leibhéil mhéadaithe comhair idir póilíní, gardaí teorann agus cósta, údaráis chustaim, bhreithiúnacha, riaracháin agus chánach, chomh maith le hinstitiúidí, comhlachtaí, gníomhaireachtaí agus líonraí ábhartha an Aontais ríthábhachtach sa chomhrac in aghaidh eagraíochtaí coiriúla. Tá na heagraíochtaí coiriúla sin ag gabháil do chalaois CBL trasteorann mar mhodh chun a ngníomhaíochtaí aindleathacha eile a mhaoiniú. In 2021, tháinig an Chomhairle[10] ar chomhaontú maidir le tosaíochtaí an Aontais chun an choireacht thromchúiseach eagraithe a chomhrac tríd an Ardán Eorpach ildisciplíneach i gCoinne

[9] Conclúidí ón gComhairle maidir le leanúint bhuan de Thimthriall Beartais an Aontais do choireacht idirnáisiúnta eagraithe thromchúiseach: EMPACT 2022 +

https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-7100-2023-INIT/en/pdf

[10] An choireacht eagraithe a chomhrac: 10 dtosaíocht leagtha amach ag an gComhairle do na 4 bliana atá amach romhainn https://www.consilium.europa.eu/en/press/press-releases/2021/05/26/fight-against-organised-crime-council-sets-out-10-priorities-for-the-next-4-years/

Bagairtí Coiriúla (EMPACT). Tá calaois CBL ina cuid de na tosaíochtaí sin. Chomh maith leis sin, tabharfar aird chuí ar thorthaí CIE i roinnt tuarascálacha speisialta maidir leis an gcreat CBL[11].

Cuireann sé sin i bhfios go láidir gur gá an cur chuige ildisciplíneach a neartú ar leibhéal an Aontais, cur chuige nach bhforáiltear go héifeachtach dó i gcreat an Aontais maidir le comhar riaracháin CBL mar atá sé faoi láthair.

2.2. Éifeachtúlacht

Tá sé curtha in iúl ag na Ballstáit go bhfuil siad sásta le héifeachtúlacht na n-ionstraimí comhair riaracháin[12]. Is ar na húdaráis chánach a chuireann sásraí comhair chun feidhme agus a dhéanann comhordú ar a ngníomhaíochtaí den chuid is mó atá an t-ualach a bhaineann le creat an Aontais maidir le comhar riaracháin CBL a chomhlíonadh. Níl aon chostais dhíreacha ar cháiníocóirí ná ar shaoránaigh i gceist leis an gcreat féin. Os a choinne sin, tá sé d'aidhm aige rochtain ar fhaisnéis a shimpliú agus costais chomhlíontachta a eascraíonn as an Treoir CBL[13] nó as an reachtaíocht náisiúnta a laghdú.

Maidir leis an ualach riaracháin, ní raibh go leor Ballstát in ann meastachán cruinn a thabhairt ar na costais a íocann siad i dtéarmaí TF nó acmhainní daonna atá riachtanach chun comhar riaracháin CBL a fheidhmiú, ach níor mhó an líon beag meastachán a soláthraíodh ná EUR 250 000 in aghaidh na bliana le haghaidh córas amhail VIES a úsáideann cáiníocóirí 17 milliún uair gach lá chun a gcuid sonrasc a chur chuig daoine. Gan córas den sórt sin, bheadh costais chomhlíonta i bhfad níos airde ar cháiníocóirí chomh maith le rioscaí airgeadais agus iad ag soláthar ar an margadh inmheánach. Déanann an Coimisiún lárchórais leictreonacha a fhorbairt amhail anailís ar Líonraí Idirbheart[14] agus Lárchóras Leictreonach Faisnéise Íocaíochta (CESOP)[15] trí úsáid a bhaint as an gclár

---

11 Tuarascáil speisialta 08/2025: Calaois Chánach Breisluacha ar allmhairí – Níl cosaint leordhóthanach ag leasanna airgeadais an Aontais faoi nósanna imeachta simplithe custaim. Tuarascáil speisialta 12/2019: 'R-thráchtáil: tá go leor de na dúshláin a bhaineann le CBL agus dleachtanna custaim a bhailiú fós le réiteach'. Tuarascáil speisialta 19/2017: '*Import procedures: shortcomings in the legal framework and an ineffective implementation impact the financial interest of the EU* [Nósanna imeachta allmhairiúcháin: easnamh sa chreat dlíthiúil agus tionchar neamhéifeachtúil cur chun feidhme leasanna airgeadais an Aontais]'. Tuarascáil speisialta 24/2015: '*Tackling intra Community VAT fraud: More action needed* [Dul i ngleic le calaois CBL laistigh den Chomhphobal]'. Tuarascáil speisialta 13/2011: '*Does the control of customs procedure 42 prevent and detect VAT evasion?* [An gcuidíonn an rialú a dhéantar faoin nós imeachta um chustaim 42 le himghabháil CBL a chosc agus a shainaithint?]'

12 Ba cheart a thabhairt faoi deara nach féidir leis na Ballstáit meastacháin a sholáthar i gcónaí ar na costais a bhaineann le comhar riaracháin CBL. Cé go measann 61 % de na Ballstáit gur mó na tairbhí ná na costais, ní raibh 25 % de na Ballstáit ar an eolas.

13 Treoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 347, 11.12.2006

14 Is éard is Anailís ar Líonraí Idirbheart ann córas leictreonach arna fhorbairt agus arna chothabháil ag an gCoimisiún chun cuidiú le Eurofisc sonraí a bhailiú agus anailís a dhéanamh orthu. Tá a fheidhmiú beacht íogair ach, i dtéarmaí ginearálta, cuidíonn anailís ar líonraí idirbheart le Eurofisc idirnaisc cuideachtaí sa scéim calaoise agus scála CBL atá i mbaol a léirshamhlú. Níl rochtain ag an gCoimisiún ar na sonraí.

15 Is é CESOP an córas leictreonach nua sa chomhrac in aghaidh calaois CBL san earnáil r-thráchtála. Tugadh isteach é i mí Eanáir 2024. Faigheann sé sonraí maidir le híocaíochtaí trasteorann ó sholáthraithe seirbhísí íocaíochta agus cuireann sé i gcomparáid le tuairisciú CBL iad. Is é an aidhm atá ann cuideachtaí tearcthuairiscithe nó cuideachtaí neamhthuairiscithe a shainaithint. Déanann an Coimisiún é a fhorbairt agus a choinneáil ar bun freisin gan rochtain dhíreach ar na sonraí a phróiseáiltear.

Fiscalis[16], rud a sheachnaíonn an gá le córais chomhchosúla a fhorbairt i ngach ceann de na 27 mBallstát. Is uirlis anailíse riosca é anailís ar líonraí idirbheart lena mbaintear leas as sonraí VIES maidir le hidirbhearta trasteorann; chuir sí ar a chumas do Eurofisc EUR 14.6 billiún d'idirbhearta amhrasacha a shainaithin agus bhí 2 352 dhíchlárú CBL mar thoradh air in 2023, rud a shábháil na billiúin euro d'ioncam CBL. Bailíonn CESOP sonraí maidir le híocaíochtaí trasteorann agus ligeann sé do Eurofisc sonraí CBL a chros-seiceáil le sonraí faoi íocaithe chun brath calaoise CBL sa r-thráchtáil a éascú. I gcás córais eile, áirithíonn an Coimisiún go bhfuil na córais a fhorbraítear ar an leibhéal náisiúnta idir-inoibritheach, rud a spárálann costais do na Ballstáit uile. I ndáil leis sin, is mó go mór na tairbhí ná na costais.

An tráth céanna, tugtar le fios sa mheastóireacht go bhfuil forluí idir na huirlisí comhair. D'fhéadfaí deireadh a chur le roinnt oibleagáidí tuairiscithe chun an t-ualach riaracháin ar údaráis chánach agus ar cháiníocóirí a laghdú toisc nach bhfuil an fhaisnéis ábhartha a thuilleadh ná ar fáil áit éigin eile.

2.3. Comhleanúnachas

Maidir le comhleanúnachas chreat an Aontais, déantar gnéithe inmheánacha agus seachtracha araon a mheas sa mheasúnú. A mhéid a bhaineann le comhleanúnachas inmheánach, níor sainaithníodh sa mheastóireacht aon neamhréireachtaí idir na forálacha laistigh de Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 ón gComhairle agus idirghníomhú na n-uirlisí comhair éagsúla, d'ainneoin leasuithe a rinneadh arís agus arís eile agus go minic. Tá na Ballstáit an-bhuíoch as éagsúlacht na n-uirlisí, agus ní thuairiscíonn formhór na n-uirlisí aon choinbhleachtaí eatarthu fiú má fhorluíonn siad i gcásanna áirithe. Roghnaíonn na Ballstáit an uirlis cheart dá riachtanais.

Maidir le comhleanúnachas seachtrach, níl aon fhorluí idir Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 ón gComhairle agus reachtaíocht eile de chuid an Aontais amhail an Treoir maidir le CBL, an Treoir maidir le comhar riaracháin i réimse an chánachais[17] nó an Treoir maidir le cúnamh frithpháirteach chun éilimh a aisghabháil[18]; tá siad sách comhlántach. Go deimhin, tá feabhsú an chomhair riaracháin i réimse CBL go hiomlán comhleanúnach le beartais eile de chuid an Aontais i réimse CBL. Mar sin féin, d'fhéadfaí a mheas gur neamhréireacht í an easpa forála dlí laistigh de Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 ón gComhairle, atá oiriúnach chun fíorchomhar éifeachtach CBL a éascú ar leibhéal an Aontais idir údaráis chánach atá rannpháirteach in Eurofisc agus comhlachtaí/gníomhaireachtaí imscrúdaitheacha eile amhail OIPE, OLAF agus Europol. Ina theannta sin, i gcás OLAF, níl sé sin i gcomhréir le forálacha Rialachán (CE) Uimh. 515/97 ón gComhairle[19], a dhéileálann le comhar riaracháin i réimse an dlí custaim, toisc go bhfuil dlúthbhaint idir calaois chustaim agus imghabháil CBL tráth an allmhairithe agus b'fhéidir le seachaint CBL laistigh den Aontas freisin. cé go n-aithnítear go forleathan

[16] Rialachán (AE) 2021/847 lena mbunaítear an clár 'Fiscalis' chun comhar a dhéanamh i réimse an chánachais agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1286/2013

[17] Treoir 2011/16/AE ón gComhairle an 15 Feabhra 2011 maidir le comhar riaracháin i réimse an chánachais agus lena n-aisghairtear Treoir 77/799/CEE.

[18] Treoir 2010/24/AE ón gComhairle an 16 Márta 2010 maidir le cúnamh frithpháirteach chun éilimh a bhaineann le cánacha, dleachtanna agus bearta eile a aisghabháil.

[19] Rialachán (CE) Uimh. 515/97 ón gComhairle an 13 Márta 1997 maidir le cúnamh frithpháirteach idir údaráis riaracháin na mBallstát agus maidir le comhar idir na Ballstáit agus an Coimisiún chun a áirithiú go gcuirfear an dlí ar ábhair custaim agus ar ábhair thalmhaíochta i bhfeidhm i gceart.

go bhfuil gá le comhar idir na húdaráis sin go léir, ní ann do na malartuithe sa chleachtas nó níl bunús dlí sainráite acu. Go háirithe, ós rud é nach dtugtar rochtain dhíreach ar leibhéal an Aontais do OIPE ar shonraí ábhartha CBL maidir le hidirbhearta trasteorann agus go bhfuil deiseanna teoranta ag OLAF comhoibriú le Eurofisc agus leis na Ballstáit, chomh maith leis an easpa praiticiúlachta a bhaineann le comhar Europol, baintear an bonn dá n-acmhainneacht rannchuidiú ar bhealach níos éifeachtaí leis an gcomhrac in aghaidh calaois CBL. Tá na fadhbanna sin ábhartha go háirithe ós rud é gur leis na Ballstáit go príomha iad inniúlachtaí cánach agus go bhfuil siad an-íogair ó thaobh na polaitíochta de agus nach bhfuil pearsantacht dhlítheanach ná struchtúr ordlathach ag Eurofisc.

2.4. Breisluach AE

Gan creat an Aontais le haghaidh comhar riaracháin CBL, bheadh ar na Ballstáit brath ar chomhaontuithe déthaobhacha nó iltaobhacha toisc go mbeadh gá fós le comhrialú ó údaráis chánach ar idirbhearta trasteorann. Mura mbeadh creat de chuid an Aontais ann, bheadh costais bhreise ann chun córais leictreonacha náisiúnta a thógáil agus chun iad a dhéanamh idir-inoibritheach le tíortha eile.

Thairis sin, chun calaois CBL ar idirbhearta trasteorann a chomhrac, tá gá le dlúthchomhar idir na Ballstáit **uile** chun go mbeidh tionchar marthanach ann. Ní bheadh cur chuige náisiúnta ná fiú cur chuige réigiúnach éifeachtach. Bhainfeadh calaoiseoirí leas as laige líonra den sórt sin trína suí sa tír is lú a chomhoibríonn.

Ar deireadh, thiocfadh méadú freisin ar na costais a bhaineann le gnó a dhéanamh san Aontas mura mbeadh creat an Aontais ann. Is buntáiste é do cháiníocóirí a bheith in ann bailíocht uimhreacha CBL uile an Aontais a sheiceáil trí shuíomh gréasáin aonair amháin agus seachnaíonn sé an gá 27 gcomhéadan le bunachair sonraí náisiúnta a thógáil.

2.5. Ábharthacht

Tá creat an Aontais maidir le comhar riaracháin CBL fós ábhartha toisc nach dtagann aon athrú ar na rialacha lena rialaítear idirbhearta trasteorann agus go leanann calaoiseoirí de bheith ag baint leas as laige na rialacha sin. Meastar sa staidéar ar an mbearna calaoise laistigh den Chomhphobal arna ndéanamh ag trádálaí atá ar iarraidh, a luaitear sa réamhrá, go leanann calaoiseoirí de leas a bhaint as an gcóras idirthréimhseach CBL le haghaidh idirbhearta trasteorann, rud a fhágann go mbaintear méideanna móra ioncaim de na Ballstáit. Tá laghdú ag teacht i gcónaí ar an mbearna CBL, rud a léiríonn go bhfuil laghdú ag teacht ar chalaois CBL náisiúnta. Mar sin féin, braitheann na Ballstáit go láidir fós an bhagairt ó scéimeanna calaoise CBL trasteorann. Tá Eurofisc fós ar an modh riaracháin is éifeachtaí chun dul i ngleic leis an gcineál sin calaoise, rud a léiríonn ábharthacht chreat an Aontais.

3. CONCLÚIDÍ MAIDIR LE FEIDHMIÚ CHREAT AN AONTAIS LE HAGHAIDH COMHAR RIARACHÁIN CBL

Tugtar le fios i dtorthaí foriomlána na meastóireachta go bhfuil creat an Aontais le haghaidh comhar riaracháin CBL éifeachtach den chuid is mó chun a áirithiú go bhfuil na hacmhainní uile is gá ar fáil d'údaráis chánach chun idirbhearta trasteorann a rialú chun críocha CBL. Is é is aidhm don chomhar idir na Ballstáit an t-ualach riaracháin ar shaineolaithe cánach a laghdú agus rialuithe a dhéanamh níos éifeachtúla. Tá creat an Aontais fós ábhartha agus comhleanúnach, ach ní mór féachaint arís ar a chomhleanúnachas seachtrach chun é a chur in oiriúint níos fearr don chur chuige

ildisciplíneach sa chomhrac in aghaidh calaois CBL. An tráth céanna, tá breisluach AE an chreata soiléir d'údaráis chánach agus do cháiníocóirí.

Comhlíonann creat an Aontais a chuspóirí den chuid is mó, cé gur saincheist fós é éifeachtacht an chur chuige ildisciplínigh sa chomhrac in aghaidh calaois CBL. Bíonn na Ballstáit ag brath go mór ar mhodhanna éagsúla comhair chun an líon méadaitheach idirbheart laistigh den Aontas a rialú. Mar sin féin, chuir an líon mór idirbheart trasteorann iallach ar na Ballstáit brath níos mó ar VIES, rud a chuireann ar a gcumas dóibh an fhaisnéis a fháil ar bhealach uathoibrithe i gcomhar le Eurofisc chun amhras ar chalaois a fhíorú go tapa. Fágtar modhanna eile comhair faoi chásanna nach bhfuil chomh práinneach céanna. Dheimhnigh údaráis chánach a ndeachthas i gcomhairle leo le linn na meastóireachta é sin.

Is é Eurofisc a sholáthraíonn an anailís riosca chomhpháirteach ar shonraí CBL. Shainaithin Eurofisc idirbhearta amhrasacha dar luach EUR 49.8 billiún idir 2020 agus 2024. D'fhéadfadh an méid sin a bheith níos mó fós dá mbeadh rochtain ag Eurofisc ar fhoinsí eile faisnéise nach bhfuil ar fáil faoi láthair i gcreat an Aontais maidir le comhar riaracháin CBL ach a bhíonn ar fáil de ghnáth d'údaráis chánach ar an leibhéal náisiúnta. Bheadh sé tairbhiúil don chomhrac in aghaidh calaois CBL cur leis an liosta sonraí is féidir le Eurofisc a phróiseáil. Mar shampla, trí rochtain a fháil ar shonraí maidir le húinéireacht tairbhithe, d'fhéadfadh Eurofisc cur in aghaidh úsáid bréagriochtaí i gcalaois CBL. Chuirfeadh rochtain ar chláir bhainc agus teagmhálacha rialta le húdaráis frithsciúrtha airgid (Aonaid um Imscrúdú Airgeadais[20]) ar a gcumas do na húdaráis an prionsabal 'lean an t-airgid' a chur i bhfeidhm ar bhealach níos fearr sa chomhrac in aghaidh na calaoise.

Is í an phríomhchonclúid, cé go bhfuil reachtaíocht an Aontais maidir le comhar riaracháin CBL ag soláthar creat láidir dea-fheidhmiúil le haghaidh dlúthchomhar idir na húdaráis ábhartha, go bhfuil calaois CBL fós ina bagairt thábhachtach airgeadais ar bhuiséid náisiúnta agus ar bhuiséid an Aontais. Thairis sin, cuireann calaois thromchúiseach CBL slándáil an Aontais i mbaol freisin, mar a d'aithin an Chomhairle, ós rud é gur minic a úsáideann grúpaí coireachta eagraithe a mbrabúis CBL chalaoiseacha chun cineálacha eile coireanna a chistiú, amhail smuigleáil toitíní nó gáinneáil ar dhrugaí.

I bhfianaise an mhéid sin, sainaithníodh na príomhréimsí seo a leanas sa chomhar riaracháin CBL ina bhféadfaí calaois CBL a laghdú a thuilleadh:

- cuíchóiriú a dhéanamh ar chumas Eurofisc calaois CBL a shainaithint agus gníomhú mar shásra luathrabhaidh chun stop a chur le calaois le bearta riaracháin;
- dlús a chur leis an gcomhar idir údaráis chánach agus chustaim sa chomhrac in aghaidh calaois CBL tráth an allmhairithe, lena bhforáiltear do chreat comhair riaracháin idir OLAF, Eurofisc agus údaráis chustaim agus chánach náisiúnta, lena n-áirítear rochtain dhíreach ar shonraí ábhartha; thug CIE an méid sin faoi deara freisin i dtuarascálacha speisialta Uimh. 24/2015 agus Uimh. 8/2025[21] uaithi;

[20] Treoir (AE) 2024/1640 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2024 maidir leis na sásraí atá le cur ar bun ag na Ballstáit chun cosc a chur ar úsáid an chórais airgeadais chun críocha an sciúrtha airgid nó mhaoiniú na sceimhlitheoireachta.

[21] Féach Moladh 12(f) de Thuarascáil speisialta Uimh 24/2015: '*Tackling intra Community VAT fraud: More action needed* [Dul i ngleic le calaois CBL laistigh den Chomhphobal]' agus agus míreanna 93

- feabhas a chur ar an gcomhar ildisciplíneach ar leibhéal an Aontais idir riaracháin éagsúla amhail OLAF, údaráis forfheidhmithe dlí agus údaráis ionchúisimh, amhail Europol agus OIPE, lena n-áirítear rochtain dhíreach ar leibhéal an Aontais ar shonraí ábhartha i gcomhréir lena sainordú faoi seach agus na coimircí ábhartha cosanta sonraí agus nós imeachta á gcur san áireamh.

4. AN BEALACH CHUN CINN

Chun aghaidh a thabhairt ar na pointí leasa a liostaítear thuas, breithneoidh an Coimisiún leasú ar chreat an Aontais maidir le comhar riaracháin CBL lena ndíreofar ar na gnéithe ildisciplíneacha a bhaineann le calaois CBL a chomhrac i gcomhréir leis an athbhreithniú leanúnach ar Ollstruchtúr Frithchalaoise an Aontais Eorpaigh[22].

4.1. Eurofisc a threisiú

Le blianta beaga anuas, mheas na Ballstáit gur uirlis riaracháin éifeachtach é Eurofisc sa chomhrac in aghaidh calaois CBL trasteorann. Tá rochtain phribhléideach aige ar fhaisnéis CBL agus tá uirlisí éifeachtacha anailíse riosca aige, mar aon le bailiú uathoibríoch sonraí agus réamhanailís, rud a chuir feabhas mór ar a fheidhmiú. Aithníonn na Ballstáit freisin breisluach Eurofisc agus an ról atá aige maidir le calaois CBL a chomhrac. Chun leas a bhaint as an acmhainneacht sin, fiosróidh an Coimisiún an méid seo a leanas:

1. cé acu an neartófar nó nach neartófar rialachas agus cuntasacht Eurofisc;
2. cé acu a d'fhéadfadh nó nach bhféadfadh **Eurofisc** tairbhiú **d'fhaisnéis bhreise, amhail cláir cuntas bainc, sonraí úinéireachta cuideachta nó faisnéis sciúrtha airgid (AFAnna),** chun na daoine atá taobh thiar den chalaois agus a sócmhainní airgeadais a shainaithint;
3. conas a áirithiú **go ndéanfar obair leantach ar chomharthaí Eurofisc le bearta riaracháin tráthúla chun stop a chur leis an gcalaois, amhail uimhreacha CBL a neamhbhailíochtú go tapa**, rud a ghiorródh an t-am a bheadh ag calaoiseoir gníomhú.

4.2. Treisiú an chur chuige ildisciplínigh sa chomhrac in aghaidh calaois CBL

D'fhéadfaí creat an Aontais maidir le comhar riaracháin CBL a oscailt a thuilleadh chun rochtain a fháil ó údaráis eile laistigh de shainchúram a sainordaithe i réimse an chomhraic in aghaidh calaois CBL, go háirithe calaois rothlach. Tá sé sin práinneach go háirithe do OIPE le himscrúduithe iomadúla a bhaineann le calaois CBL trasteorann. Dhéanfadh **rochtain dhíreach ar bhunachair sonraí CBL ar leibhéal an Aontais, amhail VIES nó CESOP**, a chuid oibre bailithe sonraí a ghiorrú go mór. Bheadh sé sin chomh tábhachtach céanna do OLAF agus imscrúduithe riaracháin á ndéanamh aige ar chalaois chustaim agus chun comhar a stiúradh idir údaráis chustaim agus údaráis CBL agus Eurofisc.

agus 107 de Thuarascáil Speisialta 08/2025: 'Calaois Chánach Breisluacha ar allmhairí - Níl cosaint leordhóthanach ag leasanna airgeadais an Aontais faoi nósanna imeachta simplithe custaim'.

[22] Athbhreithniú ar an ollstruchtúr foriomlán frithchalaoise atá nasctha le leasanna airgeadais an Aontais, lena n-áirithítear comhar éifeachtach agus éifeachtúil le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh chun buiséad an Aontais a chosaint. https://commission.europa.eu/about/organisation/college-commissioners/piotr-serafin_en

Tá neartú an chur chuige ildisciplínigh sa chomhrac in aghaidh calaois CBL ar cheann de chuspóirí sonracha chreat an Aontais maidir le comhar riaracháin CBL. Léirítear sa mheastóireacht gur theip ar an gcreat i ndáil leis sin toisc go ndéantar foráil ann maidir le comhar an-teoranta Eurofisc le OLAF agus Europol. Breithneoidh an Coimisiún an chuid sin den chreat a athmhúnlú agus déanfaidh sé measúnú ar réitigh, lena n-áirítear rochtain dhíreach ar fhaisnéis a mhalartaítear faoi chreat an Aontais, a bheadh i gcomhréir le sainordú agus riachtanais na n-údarás sin.

Fiosróidh an Coimisiún:

1. Bealaí chun creat foriomlán comhair riaracháin an Aontais a neartú chun tacú le cur chuige ildisciplíneach níos éifeachtaí sa chomhrac in aghaidh calaois CBL;

2. Sa ghearrthéarma, roghanna chun comhsheasmhacht Rialachán OIPE[23] agus Rialachán OLAF[24] le Creat an Aontais maidir le comhar riaracháin CBL a áirithiú, lena n-áirítear deiseanna do OIPE agus do OLAF rochtain dhíreach a fháil ar shonraí CBL maidir le hidirbhearta trasteorann, agus na coimircí cosanta sonraí ábhartha á gcur san áireamh;

3. I gcéim níos leithne agus ina dhiaidh sin, an fhéidearthacht athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 ón gComhairle chun gur féidir faisnéis ábhartha a chomhroinnt le húdaráis frithchalaoise uile an Aontais, lena n-áirítear údaráis chustaim agus Europol, laistigh dá sainorduithe faoi seach.

[23] Rialachán (AE) 2017/1939 an 12 Deireadh Fómhair 2017 ón gComhairle lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh.

[24] Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle.